C/2026/900

10.2.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12291 — APOLLO FUNDS / PROSOL GROUP)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/900)

1. An 3 Feabhra 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Apollo Capital Management, L.P ('Apollo Capital Management, L.P') atá faoi rialú Apollo Global Management, Inc. ('AGM') (in éineacht le fochuideachtaí indíreacha AGM a bhainistíonn na cistí infheistíochta, 'Apollo', agus na cistí infheistíochta atá á mbainistiú ag cleamhnaithe Apollo, 'Cistí Apollo'), (na Stáit Aontaithe),

— Prosol Group (an 'Spriocghnóthas', an Fhrainc), faoi rialú ZF Invest agus faoi rialú deiridh Ardian.

Gheobhaidh Apollo Capital Management, L.P. rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Prosol Group.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir domhanda sócmhainní malartacha ardfháis é Apollo a bhfuil a cheanncheathrú i gCathair Nua-Eabhrac, Nua-Eabhrac, sna Stáit Aontaithe. Cuireann Apollo seirbhísí bainistíochta infheistíochta agus pleanála airgeadais ar fáil do dhaoine aonair agus d'infheisteoirí institiúideacha,

— Is ilspeisialtóir é Prosol Group i ngnólachtaí bia úir agus i miondíol bia, a bhfuil a cheanncheathrú sa Fhrainc. Oibríonn Prosol Group go príomha sa Fhrainc agus san Iodáil (agus ar bhonn níos lú sa Bheilg, i Lucsamburg agus san Ísiltír) faoi mheirgí éagsúla, agus is iad seo a leanas an dá phríomh-mheirge: Grand Frais agus Fresh, ina soláthraíonn sé torthaí, glasraí, táirgí déiríochta, feoil agus iasc. I measc na meirgí eile tá La Boulangerie du Marché, Mon Marché, BioFrais, Novoviande, agus Banco Fresco san Iodáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12291 – APOLLO FUNDS / PROSOL GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË